



PLEAN CORPARÁIDEACH

2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



PLEAN CORPARÁIDEACH


2025 - 2029



Clár na nÁbhar

Brollach	1
Fís, Misean agus Luachanna	5
Ár bhFís	5
Ár Misean	5
Ár Luachanna	5
Próifíl Chontae Chorcaí	9
Próifíl Shocheacnamaíoch - Daonáireamh 2022	9
Ceantair Bhardasacha	12
Achoimre ar Chomhairle Contae Chorcaí	17
Faoi Chomhairle Contae Chorcaí	17
Ár Struchtúr Polaitíochta	18
Struchtúr Ár nEagraíochta	19
Ár Seirbhísí	20
Ár nÉachtaí 2019-2024	25
Timpeallacht Oibriúcháin	30
Bonn Maoinithe	31
Forbairt Foirne	31
Comhaontuithe Seirbhíse agus Seirbhísí Roinnte	31
Creat Polasaí	31
Spriocanna Forbartha Inbhuanaíthe	32
Tionscadal Éireann 2040	32
Forbairt Réigiúnach, Spásúil agus Gheilleagrach	33
Plean Forbartha Contae	33
Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide	33
Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail	33
Comhionannas agus Cearta Daonna	33

Forléargas ar an bPlean Corparáideach	37
Aidhm an Phlean	37
Forbairt an Phlean	37
Cur chun feidhme an Phlean	37
Tosaíochtaí Corparáideacha 2025-2029	41
Ár bhFócas Straitéiseach	47
Tacaí agus Cuspóirí Straitéiseacha	49
<i>Taca Straitéiseach a hAon: Pobal agus Áit</i>	49
<i>Taca Straitéiseach a Dó: Pobal agus Daoine</i>	51
<i>Taca Straitéiseach a Trí: Sláinte, Folláine agus an Timpeallacht</i>	53
<i>Taca Straitéiseach a Ceathair: Fás Eacnamaíoch agus Geilleagar Glas</i>	55
<i>Taca Straitéiseach a Cúig: Infreastruchtúr Straitéiseach, Criticiúil agus Cumasaithe</i>	57
<i>Taca Straitéiseach a Sé: Forbairt Eagraíochtúil</i>	59
<i>Taca Straitéiseach a Seacht: Comhoibriú agus Comhpháirtíocht</i>	61
Aguisín	65
Aguisín 1 - Bearta Bunlíne 2023	65
Aguisín 2 - Próifíl Shocheacnamaíoch na gCeantar Bardasach	75
Aguisín 3 - Dualgas Comhionannais agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí	91
Aguisín 4 - Polasaithe agus Straitéisí Ábhartha	100
Aguisín 5 - Comhaontú Seirbhíse agus Seirbhísí Roinnte	103





MÉARA CHONTAE CHORCAÍ:

Cllr. Joe Carroll



**PRÍOMHFHEIDHMEANNA
CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ:**

Moira Murrell

Brollach

Tá tréimhse shuntasach fáis ar siúl i gCorcaigh agus tá deiseanna ollmhóra ann le freastal ar an gcontae sna cúig bliana amach romhainn. Agus é seo san áireamh, tá Plean Corparáideach uailmhianach 2025 – 2029 dréachtaithe ag Comhairle Contae Chorcaí. Ag croílár an phlean seo tá ár dtiomantas do na daoine ar a bhfreastalaímid, saoránaigh Chontae Chorcaí. Mar eagraíocht, déanaimid iarracht seasamh leis na caighdeáin is airde dea-rialachais, ag obair chun pobail bhríomhara, uilechuimsitheacha agus dírithe ar dhaoine a chothú agus ag an am céanna tacú leis an sainordú daonlathach. Príomhthosaíocht is ea forbairt leanúnach Chorcaí mar rogha eile ar Bhaile Átha Cliath ag cinntiú fás réigiúnach cothrom. Is cuid lárnach den uailmhian seo ár gclár tithíochta agus bonneagair cumasúcháin a sholáthar chun tacú le leathnú an tionscail agus an gheilleagair. Chun é seo a bhaint amach beidh gá le comhoibriú dlúth le ranna Rialtais, le hinstiúidí tríú leibhéal, le gníomhaireachtaí stáit, agus le comhpháirtithe san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon. Tá comhoibriú ag croílár ár gcur chuige. Coimeádaimid caidrimh láidre oibre le Comhairle Cathrach Chorcaí, le húdaráis áitiúla chomharsanachta eile, agus le Comhthionól Réigiúnach an Deiscirt, ag féachaint le chéile chun Corcaigh agus an réigiún

níos leithne a fheabhsú. Anois, níos mó ná riamh, is tráth é le haghaidh comhpháirtíochta, nuálaíochta agus dul chun cinn.

Tá inbhuanaitheacht agus gníomhú ar son na haeráide lárnach dár mbeartais agus dár dtionscnaimh. Tá Comhairle Contae Chorcaí fós tiomanta d'oidhreacht shaibhir ár gcontae a chosaint agus todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do na glúnta atá le teacht. Is tréimhse deiseanna agus fairsingithe iad na blianta atá le teacht do gheilleagar Chorcaí. Táimid tiomanta do chailíocht na beatha a fheabhsú ar fud an chontae trí ómós áite láidir a chruthú inar féidir le daoine maireachtáil, oibriú agus rath a bheith orthu. Cuirfear béim ar leith ar thacú le baill níos óige agus níos sine dár bpobail, ag cinntiú go bhforbrófar spásanna cuimsitheacha agus taitneamhachtaí ar fud an chontae. Tá ár dtrí Roinn agus ár n-ocht gCeantar Bhardasacha ag obair le chéile chun cur leis an méid atá bainte amach le blianta beaga anuas. Tríd an bplean uailmhianach seo, leanfaimid orainn le spreagadh an dul chun cinn agus leanfaimid ag cinntiú go bhfanfaidh Contae Chorcaí ina áit bhríomhar do chách, áit lena mbaineann teacht aniar.

PLEAN CORPARÁIDEACH | 2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



Fís, Misean agus Luachanna



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Fís, Misean agus Luachanna



Ár bhFís

Pobail bhríomhara agus ionchuimsitheacha atá á spreagadh ag timpeallacht eacnamaíoch fhorásach a chuireann deiseanna inbhuanaithe ar fáil do chách.



Ár Misean

Seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a chur ar fáil agus fás inbhuanaithe pleanáilte a chumasú inár bpobail trí chur chuige bunaithe ar chomhpháirtíocht chun feidhm a thabhairt dár sainúdarás daonlathach.



Ár Luachanna

Freagracht

Comhoibriú

Ionchuimsiú

Ionracas

Nuálaíocht

Cothroime

Forásacht

Seirbhís

Meas

Trédhearcacht

PLEAN CORPARÁIDEACH | 2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



Próifíl Chontae Chorcaí



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Próifíl Chontae Chorcaí

Próifíl Shocheacnamaíoch - Daonáireamh 2022

Tá 360,152 duine ina gcónaí i gContae Chorcaí agus mar sin, níl ach údarás áitiúil amháin eile atá níos mó ná é sa tír, sin Baile Átha Cliath. Sháraigh an fás faoin daonra idir Daonáireamh 2016 agus Daonáireamh 2022 an meán náisiúnta de 8.1%

- Daonra 360,152 – fás de 8.5%
- 0-14 bliana d’aois – 76,602 – fás de 0.4%
- 15-64 bliain d’aois – 227,361 – fás de 8.2%
- Os cionn 65 bliain – 56,189 – fás de 22.7%

Is ionann an ráta rannpháirtíochta san fhórsa saothair i gContae Chorcaí, agus an dara ráta rannpháirtíochta is airde sa tír. Tá an céatadán is airde san fhórsa saothair ag obair i gContae Chorcaí sa stát.

Le trí bliana anuas, tháinig méadú ar líon na bhfiontar i gContae Chorcaí (sa chathair agus sa chontae) ó 35,542 go dtí 39,573 (+11.3% nó +4,031), agus sa chontae tá beagnach aon déag faoin gcéad (10.6%) de na fiontar in Éirinn.

Bunaithe ar staitisticí na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) le haghaidh 2022, tá níos mó ná leath na bpost (52.6%) i ngnólachtaí a fhaigheann tacaíocht ó IDC lonnaithe i gCorcaigh (an chathair agus an contae), gnólachtaí atá sna naoi gcontae lena gcuimsítear an réigiún Theas.

- Tháinig méadú de 17% de líon iomlán na bpost áitiúil i gContae Chorcaí in 2016 go dtí 110,053
- Méadú de 11% ar líon na bhfiontar gníomhach idir 2019 agus 2021
- Fórsa Saothair – 171,626

Tháinig laghdú de 66.3% ar an mBeochlár le 10 mbliana anuas. I gContae Chorcaí, taifeadadh ráta dífhostaíochta i nDaonáireamh 2022 ag 6.1% (10,452). Is é an ráta seo, an ráta is ísle sa stát, agus tá sé píosa maith níos ísle ná meáin an stáit (8.3%) agus Chathair Chorcaí (8%). Tá líon na ndaoine dífhostaithe don chontae in 2022 30.4% níos ísle ná líon na ndaoine dífhostaithe in 2016 (15,011 nó 9.6%).

- Laghdú de 66.3% ar an mBeochlár le 10 mbliana anuas.

D’fhreastail 37,174 duine den daonra ar oideachas teicniúil nó printíseachta. Léirítear sa líon sin laghdú beag de 3.5% le hais na bliana 2016. Ach, tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhain tríú leibhéaladha íseal amach de 19.5% agus tháinig méadú ar líon na ndaoine a bhain tríú leibhéal ardoideachais amach de 41.4% ó 2016.

- Tháinig méadú de 41.4% ar ghnóthachtáil Ardoideachais tríú leibhéal

Daonra	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Iomlán	360,152		+ 8.5 %
0-14	76,602	21.3%	+ 4 %
15-64	227,361	63.1%	+ 8.2%
65+	56,189	15.6%	+ 22.7%

Stádas Eacnamaíoch	2016 (Uimhir)	2016 (%)	% athrú 2016-2022
Ráta Rannpháirtíochta Fórsa Saothair	171,626		+ 10%

Na tionscail lena mbaineann an Fhostaíocht	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Talmhaíocht/Foraoiseacht/lascaireacht	10,476	6.5%	- 10.1%
Tógáil	10,367	6.4%	+ 25.7%
Tionscail Déantúsaíochta	28,798	17.9%	+25.9%
Tráchtáil agus Trádáil	34,664	21.5%	+ 15.5%
Iompar agus Cumarsáid	10,875	6.7%	14.8%
Riarachán Poiblí	7,854	4.9%	19.9%
Seirbhísí Gairmiúla	37,711	23.4%	+ 17.7%

Oideachas	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Neamhfhoirmeálta/Bunleibhéal	20,229	8.6%	- 15.4%
Meánleibhéal Íochtarach	32,418	13.8%	- 1.5%
Meánleibhéal Uachtarach	43,464	18.4%	+ 8.4%
Printíseacht/Teicniúil	37,174	15.8%	- 3.5%
3ú Leibhéal Íochtarach	34,622	14.7%	+ 19.6%
3ú Leibhéal Uachtarach	57,571	24.4%	+ 41.4%
3ú Leibhéal ar fad	92,193	39.1%	+ 32.4%

Saolré Theaghlaigh	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Roimh Chlann	6,717	7.2%	+ 0.7%
Tuismitheoirí a bhfuil cónaí ar a gclann as baile	9,029	9.7%	+ 1.2%
Ar scor	11,545	12.4%	+ 29.9%
Réamhscoil	7,648	8.2%	-12.1%
Luathscoil	9,536	10.2%	-14.3%
Réamhdhéagóir	11,888	12.7%	+ 13.8%
Déagóir	12,079	13%	+ 11.4%
Duine Fásta	24,799	26.6%	+ 14.5%
Teaghlaigh Aon Tuismitheora	5,673	14.4%	+ 6.4%


Iompar	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Modhanna Glasa Iompair chuig an Obair/ Oideachas	24,376	9.5%	+ 17.8%
Úsáid an Iompair Phoiblí chuig an Obair/chuig an Ionad Oideachais	20,191	7.9%	+ 10.5%
Úsáid na Modhanna Príobháideacha iompair chuig an Obair/chuig an Ionad Oideachais	179,165	69.7%	+ 12.4%

Tithíocht	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Teach/Bungaló	120,988	94.5%	+ 9.2%
Arasán	6,579	5.1%	+ 24.5%

Tionacht Tithíochta	2022 (Uimhir)	2022 (%)	% athrú 2016-2022
Úinéir Lonnaitheach (Uile)	92,593	72.6 %	+ 7.3%
Úinéir Lonnaitheach ag a bhfuil morgáiste/iasacht	39,363	30.9%	+ 0.9%
Úinéir lonnaitheach Faoina (h) Úinéireacht Amach is Amach	53,230	41.7%	+12.6%
Ar Cíos ó Thiarna Talún Príobháideach	17,944	14.1%	+ 2.3%
Ar Cíos ó Údarás Áitiúil nó ó Ghnólacht Deonach	9,543	7.5%	+16.2%


Ceantair Bhardasacha

Droichead na Bandan-Cionn tSáile




- Daonra: 40,387
- Tá os cionn 66% den Daonra ag obair agus ina gcónaí laistigh de CB Droichead na Bandan-Cionn tSáile
- Éirchóid ag an bhfuil na praghsanna tithe is airde sa Chontae ar an meán
- An sciar is mó tithe a thugtar amach ar cíós sa Chontae
- An sciar is mó daoine a úsáideann modhanna iompair poiblí le dul chuig an obair nó le dul ar scoil

Carraig Uí Leighin



- Daonra: 39,145
- An méadú is mó atá tagtha faoin daonra ó 2016
- An sciar is mó áitritheoirí sa raon aoise 0-24 bliain d'aois
- An sciar is mó Áitritheoirí a bhfuil Oideachas 3ú Leibhéal baint amach ach
- An Sciar is mó den daonra ag obair i ndéantúsaíocht, beagnach dhá oiread atá sa stát ar an meán

An Cóbh



- Daonra: 37,214
- Tháinig méadú de bheagnach 100% ar dhaonra an CB ó bhí 1991 ann, an méadú ba mhó ar an daonra as gach ceann de na CBanna
- An ráta rannpháirtíochta is airde san Fhórsa Saothair sa Chontae
- An líon is mó Post atá lonnaithe laistigh den CB

Oirthear Chorcaí



- Daonra: 37,214
- An líon is mó daoine a oibríonn agus a chónaíonn laistigh de CB Oirthear Chorcaí
- An líon agus an céatadán is mó d'árasáin sa Chontae

Mainistir Fhear Maí



- Daonra: 38,935
- Tháinig méadú os cionn 21% ar úsáid an lompair Phoiblí chuig an Obair/chuig Ionaid Oideachais ó 2016
- Tháinig an t-athrú is lú ar an daonra i Mainistir Fhear Maí ó 2016 go dtí 2022

Ceann Toirc/Mala



- Daonra: 58,084
- An Ceantar Bardasach is mó de réir an daonra
- An céatadán is airde daonra atá rangaithe 'Faoi Mhíbhuntáiste' ar an Innéacs Díothachta HP Pobal
- An sciar is airde daoine ag obair i Seirbhísí Gairmiúla

Maigh Chromtha



- Daonra: 39,847
- Céatadán daonra atá i bhfad níos airde os cionn 3 bliana d'aois agus an cumas acu Gaeilge a labhairt le hais CBanna eile
- An Sciar Daonra ag obair i bhFoirgneoireacht agus tógáil
- An ráta dífhostaíochta is ísle sa Chontae
- An sciar is airde de theaghlaigh ag a bhfuil Fuinneamh In-Athnuaite

Iarthar Chorcaí




- Daonra: 57,001
- Líon áitritheoirí atá i bhfad níos mó san aoisraon 65+ bliain agus os a chionn, le hais CBanna eile
- An sciar is mó daoine fostaithe i Talmhaíochta, Foraoiseacht agus Iascaireacht
- An líon is mó daoine a aithnítear mar Chúramóirí sa Chontae
- An sciar is mó Tithe atá faoi sheilbh úinéara amach is amach sa Chontae (49.5%)

PLEAN CORPARÁIDEACH | 2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



Cork
County Council
Comhairle Contae Chorcaí

CORK COUNTY COUNCIL: 1899 to 2024
125 YEARS
Shuilleán, April 22, 2024

CORK COUNTY COUNCIL
125 YEARS OF PROGRESS
1899 - 2024


Achoimre ar Chomhairle Contae Chorcaí



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Achoimre ar Chomhairle Contae Chorcaí

Faoi Chomhairle Contae Chorcaí



Ár Struchtúr Polaitíochta

COMHAIRLE THOFA & MÉARA

**GRÚPA BEARTAIS
CHORPARÁIDIGH**

**COISTÍ UM BEARTAIS
STRAITÉISEACHA**

**Pleanáil agus Forbairt
Straitéiseach**

**Timpeallacht, Gníomhú
ar son na hAeráide agus
Bithéagsúlacht**

**Forbairt Eacnamaíochta
agus Fiontraíocht**

Turasóireacht

Tithíocht

Bóithre agus Iompar

**Ionchuidsiú Sóisialta,
Pobal agus Forbairt
Tuaithe**

**Ealaíona, Cultúr agus
Teangacha**

**Cósta, Muir agus Polasaí
um Thuilte**

**CEANTAIR
BHARDASACHA**

CEANTAR BARDASACH
**Dhroichead na Bandan –
Chionn tSáilte**

CEANTAR BARDASACH
Charraig Uí Leighin

CEANTAR BARDASACH
an Chóibh

CEANTAR BARDASACH
Oirthear Chorcaí

CEANTAR BARDASACH
Mhainistir Fhear Maí

CEANTAR BARDASACH
Cheann Toirc - Mhala

CEANTAR BARDASACH
Mhaigh Chromtha

CEANTAR BARDASACH
Iarthar Chorcaí

**COISTE SEACHTRACH
INIÚCHÓIREACHTA**

COISTE FORBARTHA

**COISTE NA
NGNÓTHAÍ
IDIRNÁISIÚNTA
AGUS EORPACHA**

**COISTE FORBARTHA
POBAIL ÁITIÚIL**

Struchtúr Ár nEagraíochta

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH



Ár Seirbhísí



Pleanáil agus Forbairt Inbhuanaithe

Forbairt agus bainistíocht beartais pleanála, fás agus forbairt inbhuanaithe a threorú sa chontae, na dálaí a chruthú do phobail atá bríomhar, inchónaithe agus atá athléimneach maidir leis an aeráid.

Cuan Chionn tSáile



*Tithíocht Inacmhainne,
Mainistir na Corann*

Beartas agus Seachadadh Tithíochta

Beartas tithíochta a fhorbairt agus tógáil tithíochta a spreagadh chun freastal ar riachtanais amach anseo; clár tithíochta inacmhainne agus sóisialta na Comhairle a sheachadadh agus oibriú le gníomhaireachtaí stáit eile chun an t-infreastruchtúr riachtanach a chur ar fáil a dhéanfaidh éascaíocht ar fhorbairt tithíochta amach anseo.



Fás Eacnamaíochta agus Infheistíocht

Forbairt eacnamaíochta, tacaíocht a chur faoi shláinte gheilleagrach, éagsúlacht agus athléimneacht an phobail gnó trí thacaíochtaí a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus do mhionfhiontair, agus timpeallacht mhealltach a chothú le haghaidh infheistíocht isteach, taighde agus nuálaíochta.

Cork Incubator Kitchens



Bonneagar lompair agus Nascacht

Nascacht a fheabhsú trí bhóithre agus féarbhealaigh a fhorbairt, a uasghrádú agus a chothabháil ar fud an chontae, agus trí bhainistíocht tráchta, sábháilteacht ar bhóithre agus soilsíú poiblí.

Bóthar Faoisimh Charraig Uí Leighin



Gníomhú ar son na hAeráide agus Cosaint na Timpeallachta

Ár dtimpeallacht nádúrtha agus thógtha a chosaint chomh maith lenár sláinte phoiblí, trí phleanáil ghníomhartha, trí ghníomhaíochtaí comhlíonta timpeallachta, trí thionscadail maolaithe creimthe cósta agus trí fhorbairt inbhuanaithe agus íogair chun bithéagsúlacht a chosaint agus a spreagadh.

Sampláil Uisce, Trá Gharraí Bhoithe



Foireann na Seirbhísí Dóiteáin

Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála

Beatha a chosaint trí sheirbhísí éigeandála riachtanacha a chur ar fáil, ag freagairt do thinte, do thimpistí, d'eachtraí criticiúla a bhaineann le haimsir anróiteach agus d'éigeandála suntasacha.



Sláinte, Folláine, agus Áineas

Sláinte agus folláine a chothú trí chláir um chur chun cinn na sláinte agus spásanna agus áiseanna taitneamhachtaí áineasa a chur ar fáil, lena n áirítear páirceanna, féarbhealaigh, clóis súgartha, linnte snámha, agus áiseanna cultúrtha agus oideachasúla.

Glasbhealach ó Mhainistir na Corann go hEochail 1



Rannpháirtíocht sa Phobal agus Ionchuimsiú Sóisialta

Braistint phobail láidir a chothú trí rannpháirtíocht ghníomhach agus trí chomhpháirtíocht leis an bpobal agus leis an earnáil dheonach, trí thacaíochtaí d'fhéilte pobail, d'imeachtaí, agus tionscnaimh um ionchuimsiú sóisialta agus lánpháirtíú.

Caint Déagóirí



Forbairt na Turasóireachta Inbhuanaithe

Barr feabhais a chur ar phoitéinseal turasóireachta inbhuanaithe an chontae i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí eile ach díriú ar fhorbairt cinn scríbe agus eispéiris, séasúracht a laghdú agus caiteachas a mhéadú, chomh maith le feabhas a chur ar tharraingtí turasóirí atá á n-oibriú ag an gComhairle ionas go gcuirfear níos mó spéise iontu.

Ionad Oidhreachta an Sciobairín



Leabharlanna, Ealaíona agus Oidhreacht

Foghlaim ar feadh an tsaoil, cultúr agus cruthaitheacht a chur chun cinn trí sheirbhísí agus spásanna ár gcuid leabharlann, urraíocht na n-ealaíon, agus trí cheiliúradh agus trí chaomhnú ár n-oidhreachta, cultúir thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus an Ghaeilge.

Féile Scéalaíochta Chléire

- Próifíl chaiteachais de luach €3.2 billiún arna infheistiú ag Comhairle Contae Chorcaí idir 2019-2024.
- Cuireadh [Plean Forbartha Contae 2022-2028](#) i bhfeidhm i mí Meithimh 2022, rud a dhéanann cosán dearg maidir le forbairt inbhuanaithe sa chontae, lena náirítear zónáil 648 heicteár de thalamh le freastal ar fhás méadaithe an daonra, chun soláthar a dhéanamh d'fhás méadaithe daonra réamh-mheasta de 59,170 duine agus seachadadh ár sprice tithíochta ar 648 heicteár de thalamh.
- Seachadadh infreastruchtúir chomhtháite, chumasaithe, amhail Limistéar Dairsingithe Uirbigh Uisce Carraige il-úsáide, ina gcuirfear 2,500 aonad cónaithe ar fáil chomh maith le háiseanna pobail lena náirítear 3 scoil, ionad comharsanachta, líonra bithéagsúil de spásanna glasa, stop iarnróid nua ar Phasáiste Iarnróid Oirthear Chorcaí, modhanna malartacha taistil amhail siúl agus rothaíocht.
- Cuireadh i bhfeidhm [Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2024-2029](#), ina leagtar amach ár bhfís d'fhorbairt áitiúil inbhuanaithe agus eacnamaíochta na bpobal ar fud an chontae.
- Cuireadh i bhfeidhm [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024-2029](#) ina ndéantar cur síos ar an gcaoi ar féidir leis an gcontae méid íseal charbóin a úsáid agus ar an gcaoi ar féidir leis an gcontae a bheith athléimneach maidir leis an aeráid.
- Cuireadh 2,592 Teach Sóisialta agus Inacmhainne ar fáil san iomlán ó 2019-2024.
- Bhí 8,090 tionóntacht ann ar an iomlán idir 2019-2024.
- Uasghrádaithe chuig 923 aonad tithíochta sóisialta, lena n-áirítear 832 iarfheistiú domhain ar chaighdeán B2 BER ar a laghad.
- 3,245 km de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a láidriú agus a athdhromchlú ó 2019 go dtí 2023, lena gcuimsítear infheistíocht dar luach €346,759,318, chomh maith le gréasán bóithre réigiúnach agus áitiúil de 11,786 km a chothabháil sa chontae.
- Seachadadh phríomhbhealaigh agus féarbhealaigh agus cuireadh i gcrích Forbairt Bhóthar N22 ó Bhaile Bhuirne go dtí Maigh Chromtha; cuireadh i gcrích Scéim Uasghrádaithe Acomhal MótARBhealaí Dhún Cítil; osclaíodh Bóthar Faoisimh an Iarthair Charraig Uí Leighin dar luach €20m; osclaíodh Céim 1 den Fhéarbhealach ó Mhainistir na Corann go dtí Eochail; síníodh €16m le haghaidh thógáil MhótARBhealach M28, mótARBhealach a nascann Baile an Róistigh le Rinn an Scidigh.
- Príomhúdarás don Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí, inar aisfheistíodh 77,000 solas poiblí le LEDanna.
- Ár bhfreagairt do Covid: deontais ghnó agus tacaíochtaí gnó a sholáthar (€34m), Tionscadal ACT, seachadadh áiseanna bia taobh amuigh i gcomhpháirtíocht le Fáilte Éireann, méadú na seirbhísí ar líne, cianobair, cruinnithe fíorúla leis an gComhairle, Fóram Freagartha Pobail, agus tionscnaimh phobail agus fóillíochta a bhain duaiseanna amach, lena náirítear an aip 'Explore Cork' agus Seirbhís Seachadta go Doras na Leabharlainne.
- Tacaíocht d'Fhiontraíocht 2019-2024: cuireadh €13.6m de thacaíocht deontais ar fáil agus cruthaíodh 1,845 post.
- Clár Náisiúnta um Fhorbairt Tuaithe dar teideal LEADER 2014-2020: Faomhadh 249 tionscadal dar luach €10.7m ina n-iomláine faoi dheireadh na bliana 2020.
- Rannpháirtíocht idirnáisiúnta - forbraíodh agus feabhsaíodh comhpháirtíochtaí pobail gnó agus diaspóra.
- Cuireadh Moil Oibre Sholúbtha i gcrích i mBaile an Mhistéalaigh agus sa Chóbh le linn na bliana 2024 agus cuireadh uasghrádaithe leis na Moil Oibre Sholúbtha i mBeanntraí agus i Mainistir Fhear Maí, a fhágann gurb ionann líon iomlán na suíochán ar fud an chontae agus 102, rud a chuireann go mór le héascú na hoibre hibridí agus le lannú an dara suíomh ar fud an Chontae.
- Baineadh amach athbheochan uirbeach agus tuaithe suntasach ón mbliain 2019, a d'fhág gur seachadadh tionscadail amhail Athbheochan agus Comhfhorbairt Áite Dhroichead na Bandan, Lár Mhala, Leabharlann Chionn tSáile, agus Bhearna na Sceiche.



Tithíocht Shóisialta i nDún ar Aill, le caoinchead ó Jed Niezgoda



N22



Clárchosán Eochaille



Ríomhionad an Chóibh



Imeacht Sheachtain na Fiontraíochta



Amfaitéatar The Rock, an Sciobairín



Scéim Cosanta Tuilte an Sciobairín



Staighre bíse, Camden



Brat Gorm á Ardú in Eochaill



Stáisiún Dóiteáin Cheann Toirc



Féile Shamhna Dhún ar Aill



Mo Leabharlann Oscailte, Leabharlann
Dhroichead na Bandan

- [Plean Athbheochana Tús Áite do Lár an Bhaile don Sciobairín](#); seoladh an plean céanna agus cruthaíodh Foireann Baile; cuireadh an tAcht um Láithreáin Tréigthe i bhfeidhm go caighdeánach ar fud na n-ocht CB agus cuireadh suirbhé ar na láithreáin thréigthe i gcrích.
- Cuireadh i gcrích Scéimeanna um Fhaoiseamh Tuile sa Sciobairín, i nDroichead na Bandan (OPW) agus i gCloich na Coillte OPW) ó 2019 agus cuireadh Scéimeanna um Fhaoiseamh Tuile chun cinn idir 2019 agus 2024.
- Méadú leanúnach ar ár dtairiscint turasóireachta, a chuimsíonn an méid seo a leanas ach gan a bheith teoranta don mhéid céanna: forbairt na haípe turasóireachta 'Taiscéal Corcaigh'; oscailt chlárchosán Eochaille; críochnú Chéim 1 den Fhéarbhealach ó Mhainistir na Corann go dtí Eochail; críochnú an tionscnaimh Beantraí ina Bhaile Cinn Scríbe nó the Destination Town Bantry initiative; seoladh na bPleananna Forbartha Cinn Scríbe agus Eispéiris; an méadú ar líon na dTránna Brataigh Ghoirm agus na dTránna Gradaim Cósta Glais go dtí 28 bratach, líon bratach nár baineadh amach go dtí sin; athoscailt an Chairr Cábla ón mórthír go dtí Oileán Baoi; athoscailt Dhún Camden Uí Mheachair mar áit do thurasóirí á feidhmiú ag Comhairle Contae Chorcaí; forbairt leanúnach Inis Píc.
- Osclaíodh Conláiste Fóillíochta Oileáin Inis Sionnach in 2021, sin Páirc Phobail 22 acra i lár Chuan Chorcaí, conláiste poiblí ina bhfuil conairí, ráschúrsa, páirceanna imeartha agus limistéir shuíochánra.
- Tacaíocht do na healaíona agus a gcur chun cinn, agus caitheadh €5.2m ó 2020 go dtí 2024.
- Rannpháirtíocht straitéiseach le pobail chun féilte turasóireachta pobail inbhuanaithe a sheachadadh ar fud an chontae, agus tacaíodh le 285 féile san iomlán idir 2019 agus 2024.
- Tógadh stáisiúin dóiteáin nua i gCeann Toirc i Maigh Chromtha agus i gCloich na Coillte.
- Bainistiú na hullmhachta le haghaidh cásanna aimsire atá ag tarlú níos minice agus níos minice agus téarnamh uathu sin á ndéanamh ag Foireann SWAT, lena náirítear foláirimh dhearga (3 cinn ó 2019), foláirimh aimsire oráiste agus bhuí agus rabhartaí.



Clós Súgartha Charraig Thuathail



Glanadh sneachta, Corcaigh Thuaidh

- Osclaíodh leabharlanna nua i gCionn tSáile, i gCeann Toirc, in Oileán Chléire agus i Maigh Chromtha agus tugadh isteach Seirbhís Mo Leabharlann Oscailte/My Open Library Service i leabharlanna roghnaithe, a chuireann uaireanta oscailte sínte sa tráthnóna agus le linn an deiridh seachtaine.
- Ó bhí 2021 ann, ghlac os cionn 400 duine páirt i [gClár na dTithe Sláintiúla a Oireann do Dhaoine Breacaosta](#), clár a thacaíonn le daoine aosta leanúint de bheith ina gcónaí ina mbailte/ina bpobail féin.
- Pobail nua a chomhtháthú isteach sa chontae lena náirítear tionscnaimh amhail Fóram Freagartha Pobail do mhuintir na hÚcráine agus na Foirne Comhtháite Údaráis Áitiúil.
- Ceiliúradh den 125ú bliain de Chomhairle Contae Chorcaí a bheith ar an bhfód in 2024.

Timpeallacht Oibriúcháin

Tá timpeallacht oibrithe phráinneach Chomhairle Contae Chorcaí láraithe ar shainordú daonlathach na 55 Ball Tofa dá gcuid agus ar réimse leathan seirbhísí á seachadadh ag 2,700 ball foirne atá acu. Déanann na Baill Tofa ionadaíocht do dhearcthaí, d'údair imní agus do thosaíocht na dtoghthóirí ar fud ocht gCeantar Bardasach agus tá príomhról acu i bhfoirmiú polasaithe agus i maoirseacht agus maidir le réimse feidhmeanna forchoimeádta a chur i gcrích. Tá baill foirne i réimse leathan ról i bhfórsa oibre Chomhairle Contae Chorcaí, lena n-áirítear i ngráid riaracháin, ghairmiúla/theicniúla, chomh maith le gráid taobh amuigh, agus i seachadadh seirbhísí agus i seirbhísí tacaíochta sa líne thosaigh.

Tá na Baill Tofa agus an fhoireann freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na Comhairle de réir phrionsabail na trédhearcachta agus an dea-rialachais.

Cinntítear leis an méid seo a leanas; comhpháirtíochtaí straitéiseacha maidir le cur i bhfeidhm na reachtaíochta le ranna rialtais, le gníomhaireachtaí stáit, le Coistí um Fhorbairt Pobail, Coistí um Beartais Straitéiseacha, Lónra Rannpháirtíochta Pobail agus Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil; go bhfuil ár seirbhísí an-fhreagrach go deo maidir le riachtanais agus aiseolas poiblí agus aiseolas an phobail, agus go n-oibríonn na seirbhísí céanna le hionracas agus le freagracht.

Is limistéar í an timpeallacht oibriúcháin leathan ina seachadann Comhairle Contae Chorcaí a seirbhísí, limistéar atá ag athrú go tapa agus cuireadh dlús leis an athrú tapa sin freisin. Tá daoine áitiúla ag tabhairt imeachtaí an domhain faoi deara níos mó ná riamh agus tá aitheantas bainte amach ag Comhairle Contae Chorcaí mar Chomhairle Contae atá sofheagrúil, inoiriúnaithe agus éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a tháinig chun cinn le 5 bliana anuas, lena n-áirítear paidéim dhomhanda, an t-athrú aeráide, imirce ollmhór de bharr coimhlintí idirnáisiúnta agus cibearbhagairtí atá ag éirí níos sofaisticiúla i gcónaí.



Méara, Príomhfheidhmeannach agus Comhairleoirí

Bonn Maoinithe

Tá bonn maoinithe comhdhéanta de rátaí tráchtála (25.6 %), Cáin Mhaoine Áitiúil (5.7 %), deontais agus fóirdheontais rialtais láir (45.7 %) agus earraí agus seirbhísí (23 %) mar bhonn taca le tiomantas Chomhairle Contae Chorcaí na seirbhísí agus an bonneagar a theastaíonn chun feabhas a chur ar ár bpobail tuaithe agus uirbeacha.

Éileoidh cur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh, ag seachadadh ár gclár caipitil uailmhianach in éineacht le cothabháil agus forbairt ár seirbhísí agus ár mbonneagar i bhfianaise na ndúshlán maoinithe, cineálacha cur chuige nuálacha agus machnamh ar mheicníochtaí maoinithe amach anseo. Lorgaíonn Comhairle Contae Chorcaí éifeachtúlachtaí go leanúnach chun athléimneacht a thógáil, agus cinntíonn sí go bhfuil luach ar airgead agus comhlíonadh an Chóid Caiteachais Phoiblí chun tosaigh i bpróisis chinnteoireachta. Tá Comhairle Contae Chorcaí freagrach dár bpobal agus dár n-íocóirí rátaí agus dár saoránaigh as an gcaoi a mbainistimid cistí ar mhaithe leis an gcontae ar fad agus díreofar go leanúnach thar shaolré an phlean seo ar infheistíocht a bharrfheabhsú don toradh is fearr agus is leithne is féidir.

Forbairt Foirne

Tá mealladh agus coinneáil na mball foirne cumasach agus inniúil, lárnach d'fhorbairt na heagraíochta agus do sheachadadh ár spriocanna straitéiseacha. Beidh an méid seo a leanas ina bpríomhfhócas go ceann na gcúig bliana amach romhainn: pleanáil straitéiseach d'fhórsa saothair chun deiseanna nua a acmhainniú, chun acmhainní a chruthú agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí i scileanna eagrúcháin. Cuireann bearta amhail foghlaim agus forbairt, roghanna maidir le huaireanta solúbtha oibre agus deiseanna aistrithe le mealltacht Chomhairle Contae Chorcaí mar fhostóir agus ceadaíonn siad do bhaill foirne forbairt mar dhaoine agus chun a slite beatha a éagsúlú laistigh den eagraíocht, rudaí a chothaíonn dílseacht agus tiomantas do fhreastal ar leas an phobail. Cothóidh; infheistíocht i bhforbairt ball foirne, i scileanna ceannaireachta agus i sláinte agus folláine; athléimneacht i dtimpeallacht oibriúcháin atá ag síorathrú agus a dteastaíonn freagairtí solúbtha agus nuálacha uaithe.

Comhaontuithe Seirbhíse agus Seirbhísí Roinnte

Tá Comhairle Contae Chorcaí tiomanta d'airgead a shábháil agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach. Bealach amháin a mbaintear iad sin amach ná trí sheirbhísí roinnt agus trí Chomhaontuithe Seirbhíse (SLAnna) le húdaráis agus le gníomhaireachtaí áitiúla eile. Is comhpháirtí gníomhach agus príomhúdarás í Comhairle Contae Chorcaí i réimse seirbhísí roinnte agus i gcomhaontuithe seirbhíse, agus é de rún acu aontacht níos fearr a bhaint amach chomh maith le seachadadh seirbhísí níos straitéisí dár bpobail. Cuimsítear le samplaí de sin ná comhaontuithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun an [Clár um Bealaí Sábháilte chun na Scoile](#) ar fud an chontae, Oifigí Fiontair Áitiúil ag soláthar na seirbhísí fiontraíochta faoi SDT le Fiontraíocht Éireann, leis na Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola (WERLA), Oifigí Réigiúnacha Gníomhú ar son na hAeráide (CARO) agus Ard-Chomhaontú Comhoibrithe (MCA) le hUisce Éireann. Féach Aguisín 5 le haghaidh liosta iomlán na SLAnna agus na seirbhísí roinnte.

Creat Polasaí

Cé gurb í rannpháirtíocht ghníomhach, formhór d'fhorbairt an Phlean Chorporáidigh, mar fhreagairt do thosaíochtaí agus do dhúshlán áitiúla, tá ról suntasach ag cúinsí seachtracha chun a fhócas a mhúnlú. Dá bharr sin, feidhmíonn an Plean Corparáideach mar chreat chun príomhpholasaithe idirnáisiúnta, náisiúnta agus réigiúnacha a chomhtháthú, polasaithe a imríonn tionchar ar chúrsaí áitiúla, chomh maith le pleananna áitiúla amhail an [Plean Forbartha Contae](#), an [Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail](#) an [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#) agus an [Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine](#). Féach Aguisín 4 le haghaidh liosta iomlán na bpolasaithe agus na straitéisí ábhartha.

Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Leagtar amach sa [Chlár um Fhorbairt Inbhuanaithe 2030](#), a chuir gach ballstát NA i bhfeidhm in 2015, 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) a chuireann treoirphlean domhanda ar fáil le haghaidh síochána agus rathúnais, do dhaoine agus don domhan. Aithnítear sna SDGanna go bhféadfaí deireadh a chur le bochtanas agus le díothacht eile, ach go bhfuil sé ag brath ar straitéisí chun éagothroime a laghdú, sláinte, oideachas agus fás geilleagrach a fheabhsú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus an timpeallacht a chosaint. Mar bhallstát, tá tiomantas tugtha ag Éirinn do chomhtháthú na SDGanna i ngach straitéis rialtais agus mar sin, tá ról tábhachtach ag an bPlean Corparáideach chun cur le gealltanais na hÉireann ar na SDGanna i dtreo 2030. Déantar measúnú ar gach ceann de na tacaí straitéiseacha den Phlean Corparáideach bunaithe ar an méid a chuireann sé le seachadadh na SDGanna.



1. Deireadh Le Bochtaineacht
2. Deireadh le hOcras
3. Dea-Shláinte agus Folláine
4. Oideachas Ard-Chaighdeán
5. Cothromas Inscne
6. Uisce Glan agus Sláintíocht
7. Fuinneamh Glan agus Inacmhainne
8. Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch
9. Tionsclaíocht, Nuálaíocht agus Bonneagar

10. Neamhionannas Laghdaithe
11. Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe
12. Tomhaltas agus Táirgíocht Fhreagrach
13. Gníomhú ar son na hAeráide
14. An Saol Faoi Uisce
15. An Saol ar Talamh
16. Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre
17. Comhpháirtíochtaí ar son na Spriocanna

Tionscadal Éireann 2040

Is ionann [an Creat Náisiúnta Pleanála \(CNP\)](#) agus príomhpholasaí agus creat pleanála le haghaidh fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha na tíre go dtí 2040, a sholáthraíonn d'fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom agus don infreastruchtúr chun tacú léi, i gcomhthéacs an mhéadaithe réamh-mheasta ar an daonra de mhilliún duine le linn na tréimhse sin. Cuimsítear leis na tionscadail a bhfuil tionchar acu ar Chorcaigh, mótarbhealach M20 idir Corcaigh agus Luimneach, an M20 ó Chorcaigh go dtí Rinn an Scidígh chomh maith le hinfheistíocht shuntasach i dtithíocht, i sláinte, in oideachas agus i mbearta athraithe aeráide. Leagtar amach sa CNP comhthéacs coitianta do na trí thionól chun a Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch a fhorbairt.

Forbairt Réigiúnach, Spásúil agus Gheilleagrach

Leagtar amach sa [Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch](#) an creat forbartha réigiúnaí le haghaidh Dheisceart na hÉireann, agus é mar phríomhspríoc sa straitéis [Tionscadal Éireann 2040](#) a bhaint amach agus chun plean forbartha réigiúnach atá tomhaiste agus cothrom a chur i bhfeidhm. Sainithnítear Contae Chorcaí san RSES, mar cheann de na limistéir is mó fáis sa Stát thar thréimhse Thionscadal Éireann 2040 agus leagtar amach ann fíis le haghaidh fás sonraithe, áit a fheabhsú, an timpeallacht a chosaint, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide, rath eacnamaíochta agus cáilíocht beatha fheabhsaithe do gach saoránach.

Plean Forbartha Contae

Leagtar amach i [bPlean Forbartha Contae Chorcaí \(CDP\) 2022-2028](#) straitéis spásúil Comhairle Contae Chorcaí chun forbairt tuaithe agus uirbeach inbhuanaithe a sheachadadh, le polasaithe pleanála a chothromaíonn inbhuanaitheacht agus fás. Leagtar amach sa phlean spriocanna ar leith maidir le seachadadh tithíochta, seirbhísí sóisialta agus tráchtála, agus fostaíocht, agus é mar aidhm sa phlean, cur leis an gcáil atá ar an gcontae mar áit tharraingteach le cur fút ann, le hoibriú ann, le cuairt a thabhairt air agus le gnó a dhéanamh, ina bhfuil cáilíocht na timpeallachta nádúrtha agus tógtha lárnach dá hinbhuanaitheacht fhadtréimhseach

Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Leagtar amach i [bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Chorcaí 2024-2029](#) na gníomhartha a ghlacfaidh Comhairle Contae Chorcaí ar fud a seirbhísí féin chun spriocanna astaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh agus chun athléimneacht a sócmhainní a mhéadú in ainneoin tionchar an athraithe aeráide. Leagtar amach sa phlean freisin an chaoi a n-oibreoidh an t-údarás áitiúil le pobail chun athrú a mholadh, agus chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh le gníomhaireachtaí rialtais náisiúnta agus le gníomhaireachtaí stáit chun gníomhú ar son na haeráide a sheachadadh, ról de fhreagracht iomlán a chothromú le haghaidh réimsí faoina shainchúram féin le daoine ar tionchair, comhordaitheoirí, éascaitheoirí agus tacadóirí iad. Is é an sprioc le haghaidh astaíochtaí carbóin dhíreach ina sheirbhísí ná 51% faoin mbliain 2030.

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Is plean reachtúil é [Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail do Chontae Chorcaí \(PÁEP\) 2024-2030](#) faoin [Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014](#) ina leagtar amach na cuspóirí agus na gníomhartha a theastaíonn chun tacú le forbairt eacnamaíochta agus pobail inbhuanaithe an chontae agus chun an fhorbairt sin a chur chun cinn. Seachadfar an LECP i gcomhpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara áitiúla, lena n-áirítear na trí Choiste Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁanna) agus Coiste na Forbartha Geilleagraí agus an Pholasaí Straitéisigh Fiontraíochta.

Comhionannas agus Cearta Daonna

Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta Daonna ('an Dualgas'), mar a leagtar amach faoi [Chuid 42 d'Acht Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014](#) éilítear ar chomhlachtaí poiblí seirbhísí a chur ar fáil go neamh-leatromach, cothromaíocht deiseanna a chur ar fáil, agus cearta daonna ár mball foirne agus na ndaoine a úsáideann na seirbhísí. Mar chuid den dualgas, éilítear ar Chomhairle Contae Chorcaí an méid seo a leanas a leagan amach sa Phlean Corparáideach sin: measúnú ar chearta daonna agus ar cheisteanna cothromais a chreidimid atá ábhartha, agus na polasaithe, na pleananna agus na gníomhartha beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin. Féach Aguisín 3.

PLEAN CORPARÁIDEACH | 2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



Forléargas ar an bPlean Corparáideach



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Forléargas ar an bPlean Corparáideach

Aidhm an Phlean

Is ionann an Plean Corparáideach agus ráiteas straitéise Chomhairle Contae Chorcaí, mar a éilítear faoi [Chuid 134\(2\) den Acht Rialtais Áitiúil 2001](#), ar feadh na tréimhse cúig bliana ó 2024 go dtí 2029. Leagtar amach sa phlean fíis straitéiseach na heagraíochta don chontae, le seachadadh ar fud gach seirbhíse agus réimse gníomhaíochta. Feidhmíonn sé mar threochlár, a threoróidh an eagraíocht i dtreo 2029, ach tosaíochtaí straitéiseacha, tacaí agus cuspóirí a leagan amach, is féidir a chur i bhfeidhm agus ar féidir a dtorthaí a thomhas. Tá roinnt pointí idirnasctha idir na tacaí agus na cuspóirí, a léiríonn an poitéinseal le haghaidh sineirgí i measc sreafa seachadta seirbhíse éagsúla.

Forbairt an Phlean

Forbraíodh an Plean Corparáideach trí shraith comhairliúcháin le páirtithe leasmhara, suirbhéanna agus cuirí aighneachta, a eisíodh tríd an Lónra Rannpháirtíochta Poiblí, Cumann Trádála Chorcaí, agus Comhpháirtíocht Spórt Chorcaí, fógraí poiblí i nuachtáin, fógraí raidió, suíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí agus fógraí ar na meáin shóisialta. Bhí tréimhse comhairliúcháin poiblí ar siúl ón 21 Samhain go dtí an 13 Nollaig. Fuarthas aighneachtaí ar líne agus aighneachtaí scríofa agus rinneadh anailísiú orthu, chuathas i gcomhairle le baill thofa ag an gCoiste Forbartha agus cuireadh ceardlanna ar siúl le baill foirne. Forbraíodh agus beachtaíodh spriocanna straitéiseacha ardleibhéil de réir aiseolas a fuarthas, rud a bhí ar aon dul le comhthéacs an pholasáí níos leithne ina n-oibríonn Comhairle Contae Chorcaí, agus a d'fhág gur cruthaíodh seacht dtaca straitéiseacha a bheidh mar chrann taca ag straitéis na heagraíochta go ceann cúig bliana eile.

Déantar measúnú ar gach ceann de na tacaí straitéiseacha den Phlean Corparáideach bunaithe ar an méid a chuireann sé le seachadadh na [Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe](#).

Déantar tagairt do phríomhpholasaithe AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhaineann le seachadadh cuspóirí faoi gach taca agus tá siad nasctha laistigh den taca céanna, agus an [Plean Forbartha Contae](#) ag feidhmiú mar phríomhstraitéis chumasaithe.

I bhfianaise an ghá chun gníomhú ar son na haeráide agus cosaint na timpeallachta agus feasacht ar an timpeallacht a leabú isteach i ngach gné d'oibriúcháin Chomhairle Contae Chorcaí, comhtháthítear na cuspóirí straitéiseacha agus na torthaí intomhaiste maidir leis an athrú aeráide ar fud gach taca den Phlean Corparáideach.

Baineann an [Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail](#) leis an bPlean Corparáideach ar roinnt bealaí, go háirithe Taca 4 sa Phlean Corparáideach, Fás Geilleagrach agus Geilleagar Glas.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir leis an measúnú tosaigh a rinne Comhairle Contae Chorcaí maidir le Dualgas Comhionannais agus Chearta Daonna na hEarnála Poiblí, agus chun na ceisteanna a sainaithníodh a fháil agus an chaoi a dtabharfar aghaidh orthu, féach Aguisín 3.

Cur chun feidhme an Phlean

Déanfaidh an Chomhairle thofa maoirseacht ar chur chun feidhme an Phlean Chorporáidigh trí thuarascálacha bliantúla a chur ar fáil maidir le dul chun cinn ón bPríomhfheidhmeannach, agus seachadfar na tuarascálacha seo nuair a thiocfaidh an dréachtbhuiséad amach nó uair eile a d'fhéadfaí a roghnú mar réiteach.

Lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Plean Corparáideach a ról criticiúil chun creatlach ár bpobal i gContae Chorcaí a múnú go ceann cúig bliana, cuimseofar bearta feidhmíochta ardleibhéil leis ón tús, ina gcaithfear solas ar na réimsí cláir oibre ábhartha trína seachadfar an plean. I dteannta leis an méid sin, leagtar amach táscairí feidhmíochta bunlíne amach in Aguisín 1.

Déanfaidh an plean eolas freisin d'fhorbairt na bPleananna Seachadta Seirbhíse Bliantúla (ASDPanna) le haghaidh gach réimse seirbhíse mar son le buiséid ioncaim bhliantúla agus le buiséid chaipitil trí

bliana, seachadadh na bpleananna bliantúla a chothaíonn dul chun cinn an Phlean Chorporáidigh cúig bliana. Beidh an Tuarascáil Bhliantúil lárnach agus í curtha i bhfeidhm, feidhmeoidh sí mar fhearas chun athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar sheachadadh ag deireadh gach bliana le linn thréimhse an phlean.

Tá Lucht na hArdbhainistíochta ag bainistiú an riosca chorporáidigh go fóill, agus cuimsítear leis an mbainistiú sin, roinnt coistí ag déanamh maoirseachta lena náirítear an Coiste Maoirseachta Riosca, a chinntíonn go ndéantar monatóireacht ghníomhach ar phríomhréimsí seirbhíse dhá uair in aghaidh na míosa agus cuireann siad athbhreithniú leanúnach ar thosaíochtaí eagraíochtúla ar feadh na bliana ar fad. Cuirfidh réimse táscairí feidhmíochta náisiúnta agus áitiúla, go háirithe na táscaire feidhmíochta de chuid an Choiste Maoirseachta agus Iniúchóireachta Náisiúnta fócas gráinneach ar fáil ar phríomhchuspóirí toraidh.

Déanfaidh siad sin, agus réimse prótacal rialachais airgeadais, riosca agus bainistíochta feidhmíochta eile, éascaíocht ar phróiseas athbhreithnithe leanúnach, a athróidh an Plean Corparáideach ó bhonn, ionas go mbeidh sé ina uirlis ghníomhach le haghaidh sheachadadh agus bhainistíocht an chláir.



Tosaíochtaí Corparáideacha 2025-2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Tosaíochtaí Corparáideacha 2025-2029

1

Sainordú daonlathach de chuid Comhairle Chontae Chorcaí a sheachadadh.

A bheith aitheanta as ár gcur chuige maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir leis an gcaoi a mbainimid amach ár dtiomantais sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

2

Ár mbailte móra, sráidbhailte agus ár n-oileáin a athnuachan ionas go mbeidh siad mar áiteanna bríomhaire agus inbhuanaithe le maireachtáil agus le hoibriú iontu.

3

Feabhas a chur ar ár mbailte agus sráidbhailte trínár gcur chuige maidir le comhfhorbairt áite uirbeach agus tuaithe.

4

5

Riachtanais tithíochta an chontae agus ár gcuspóir seachadta tithíochta a chomhlíonadh.

6

Tacaíocht a thabhairt dár bpobail láidre, bhríomhaire agus ionchuimsitheacha ina bhfuil guth ag gach ball dár bpobal.

7

Ceannaireacht straitéiseach a chur ar fáil don chontae trínár bPlean Forbartha Contae, ár bPleananna Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail agus ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.

Ceannaireacht i bhforbairt agus i seachadadh na bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha a léiriú.

8

9

An t-infreastruchtúr straitéiseach, criticiúil agus cumasaithe atá mar chrann taca ag ár gcuspóirí pobail agus eacnamaíochta.

Infheistíocht isteach a mhealladh, tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí áitiúla agus a chinntiú go bhfuil deiseanna fostaíochta scaipthe ar fud an chontae.

10

11

Poitéinseal na turasóireachta a uasmhéadú i Contae Chorcaí mar cheann scríbe do mhuintir na tíre seo agus do dhaoine as tíortha eile.

Ár gcultúr agus ár n-oidhreacht a chosaint agus a fheabhsú chomh maith leis an tslí a nglacaimid leis an nGaeilge inár saol laethúil.

12

13

Glacadh le deiseanna digiteacha claochlaitheacha chun seirbhís iontach do chustaiméirí a chur ar fáil go leanúnach.

A bheith aitheanta mar eagraíocht atá inrochtana, solúbtha agus oiriúnach don fheidhm a bhfuil ár gcineálacha cur chuige, ár dtrédhearcacht agus ár nuálaíocht mar chrann taca aici.

14

15

A bheith mar fhostóir tarraingteach i gCorcaigh.

PLEAN CORPARÁIDEACH | 2025 - 2029



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council



Ár bhFócas Straitéiseach



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Ár bhFócas Straitéiseach

1. Pobal agus Áit

Na tionscadail straitéiseacha a fhreastalaíonn ar riachtanais ár bpobal agus ar mheallacht Chorcaí mar áit chónaithe le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air a sheachadadh.



2. Pobal agus Daoine

Ár bpobal a chumhachtú chun a dtionchar a fhorbairt maidir leis an tslí a gcuirimid ár seirbhísí in oiriúint agus ar an tslí a gcuirimid feabhas ar cháilíocht na beatha do gach ball den phobal.



3. Sláinte, Folláine agus an Timpeallacht

Sláinte agus folláine phoiblí a chosaint agus a fheabhsú trí thimpeallachtaí a chruthú a thacaíonn le roghanna sláintiúla maidir leis an nós maireachtála agus trí chosaint timpeallachta riachtanach agus trí sheirbhísí éigeandála a sholáthar.



4. Fás Eacnamaíoch agus Geilleagar Glas

Meallacht Chontae Chorcaí a mhéadú mar áit le hinfheistiú inti agus le haghaidh fostaíocht inbhuanaithe trínár ngnólachtaí dúchasacha, fiontraíocht áitiúil, turasóireacht agus infheistiúocht dhíreach choigríche.



5. Infreastruchtúr Straitéiseach, Criticiúil agus Cumasaithe

Tionscadail infreastruchtúir straitéisigh, chriticiúil agus cumasaithe a sheachadadh chun feabhas a chur ar nascacht áitiúil agus réigiúnach a fheabhsú, tionchar an athraithe aeráide a mhaolú agus borradh a chur faoi thithíocht nua agus faoi dheiseanna pobail agus eacnamaíochta nua.



6. Forbairt Eagraíochtúil

Cur chuige Chomhairle Contae Chorcaí go luachanna, dualgais, feidhmíocht agus rialachas na hearnála poiblí a athbhreithniú agus a láidriú go leanúnach, trí thacaíocht forbartha a thabhairt dár mbaill foirne agus dár mbaill thofa trí fhorbairt na heagraíochta.



7. Comhoibriú agus comhpháirtíocht

Ár bhfís le haghaidh Chontae Chorcaí a sheachadadh trí leibhéil nua chomhpháirtíochta, trí chaidrimh agus comhpháirtíochtaí a láidriú leis an bpobal agus lenár bpáirtithe reachtúla agus neamhreachtúla.



Tacaí agus Cuspóirí Straitéiseacha

Tithíocht Shóisialta i gCill Uird, le caoinchead ó Jed Niezgoda



Taca Straitéiseach a hAon: Pobal agus Áit

Na tionscadail straitéiseacha a chomhlíonann riachtanais ár bpobal agus a chuireann feabhas ar mheallacht Chontae Chorcaí mar áit le maireachtáil ann, le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt air.

Cuspóirí Straitéiseacha

1.1 Seachadadh Tithíochta

Ár gcuspóir tithíochta a sheachadadh a fhreastalódh ar riachtanais na chontae atá ag athrú agus ar fhás an daonra amach anseo.

1.2 Bunachair Thalún Straitéiseacha

Bunachair thalún straitéiseacha a shainaithint ar fud an chontae chun éascaíocht a dhéanamh ar riachtanais forbartha tithíochta, áiseanna agus eacnamaíochta amach anseo.

1.3 Gníomhú ar Son na hAeráide agus Dícharbónú

An [Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#), a chur i bhfeidhm agus trínár Zóin Dícharbónaithe ainmnithe, deiseanna agus tionscnaimh a iniúchadh agus a fhorbairt chun feabhas leanúnach a chur ar ár gcur chuige maidir le gníomhú ar son na haeráide sa chontae.

1.4 Athbheochan na mBailte, na Sráidbhailte agus na nOileán

Cur chuige uile-eagraíochta a sheachadadh maidir le hathbheochan lár baile, cur i láthair an bhaile agus athnuachan inbhuanaithe ár mbailte, sráidbhailte agus oileán.

1.5 Athbheochan Uirbeach agus Tuaithe

Ár dtionscadail forbartha athbheochana uirbeacha agus tuaithe a sheachadadh, leas a bhaint as maoiniú AE agus náisiúnta chun tacú le hinfreastruchtúr tuaithe, le fiontraíocht shóisialta agus le tionscnaimh thuaithe chliste.

1.6 Infreastruchtúr an Phobail

An t-infreastruchtúr pobail a sheachadadh chun tacú le pobail inbhuanaithe uirbeacha, tuaithe, oileánacha, agus Ghaeltachta.

1.7 Sócmhainní Oidhreachta agus Cultúrtha

An oidhreacht thógtha agus sócmhainní cultúrtha an chontae a chosaint agus a fheabhsú.

Bearta feidhmíochta

- Líon na dtithe sóisialta a cuireadh leis an stoc
- Líon na dtithe inacmhainne a díoladh
- Líon na dtithe a rinneadh iarfheistiú orthu
- Líon na dtithe folmha a athchóiríodh
- Líon na leithdháiltí
- Líon na ndaoine a fuair dídean ó chóiríocht éigeandála
- Dul chun cinn ar fhorbairt na mbunachar talún atá feiliúnach do thithíocht, d'úsáid eacnamaíochta agus áise
- Líon na ngníomhartha a cuireadh ar aghaidh faoin [bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide](#)
- Tacaíochtaí a cuireadh ar fáil ar dhícharbónú do pháirtithe leasmhara áitiúla
- An leibhéal dul chun cinn ar Phleananna Tús Áite do Lár an Bhaile
- Na Foirne Tús Áite do Lár an Bhaile a bunaíodh
- Pleananna Feabhsaithe Baile agus Sráidbhaile
- Líon na suíomhanna ar [Chlár na Láithreán Tréigthe](#)
- Líon na ndeontas Croí Cónaithe a faomhadh
- An leibhéal dul chun cinn ar thionscadail infreastruchtúir pobail
- Líon na dtionscadal oileáin ar tacaíodh leo
- An leibhéal dul chun cinn a rinneadh ar na pleananna forbartha leabharlainne agus an fás gaolmhar na bpríomhtháscairí feidhmíochta leabharlainne
- Líon na n-imeachtaí oidhreachtacha cultúrtha ar tacaíodh leo
- Forbraíodh plean oidhreachtacha cultúrtha, ina gcomhtháthaítear an turasóireacht, comhfhorbairt áite agus straitéisí forbartha tuaithe
- Líon na ndeontas caomhantais oidhreachtacha tógtha a tógadh go rathúil a faomhadh
- Líon na scéimeanna deontais oidhreachtacha de chuid Chomhairle Contae Chorcaí a seachadadh
- Líon na ngníomhairí a seachadadh faoi Phleananna Cinn Scríbe Turasóireachtacha agus Forbartha Eispéiris

Aonaid Ábhartha Ghnó

- Stiúrthóireacht Forbartha Pobail, Turasóireachtacha agus Tuaithe
- An Stiúrthóireacht Tithíochta
- Stiúrthóireacht Phleanála agus Timpeallachta
- Stiúrthóireacht Seachadta Caipitil agus Bainistíochta Sócmhainní
- Stiúrthóireacht Gníomhú ar son na hAeráide agus na Seirbhísí Éigeandála
- Stiúrthóireacht Forbartha Eacnamaíochta agus Pleanála Straitéisí
- Leabharlann agus Seirbhís Ealaíne an Chontae
- Aonad Oidhreachtacha
- An Stiúrthóireacht Airgeadais
- Roinn an Dlíodóra Contae

Polasaithe/Straitéisí Ábhartha

- [Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn \(2021\)](#)
- [Plean Forfheidhmithe Náisiúnta Tús Áite do Thithíocht 2022-2026](#)
- [Plean Gníomhaíochta Seachadta Tithíochta Chomhairle Contae Chorcaí 2022-2026](#)
- [Clár Cóiríocht do Thaistealaithe Chomhairle Contae Chorcaí 2025-2029](#)
- [Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022-2028](#)
- [Lár Bailte ar dTús: Cur Chuige Beartais do Bhailte na hÉireann \(2022\)](#)
- [Plean Forbartha Eispéiris do Chathair Chorcaí, Cuan Chorcaí agus Corcaigh Thoir](#)
